

Lady footballers win county final

THERE'S fantastic news on the sporting front this week, with St Anne's minor footballers winning the minor B championship final, defeating Ballinkillen/Newtown by 5-7 to 5-5.

This was a thrilling encounter from start to finish, and even the rain which arrived at the beginning of the second half failed to dampen the enthusiasm of both teams. This was a brilliant team performance from all our local heroes, and it is impossible to pick any of them out for special mention as each and every one of them played their hearts out. Before presenting the shield to St Anne's, Kathleen Mullins complimented both teams on a sterling performance and encouraged all the girls to continue playing the game, making special mention of the need for girls for the U16 county panel.

Kathleen also thanked the mentors for all their work with the underage teams. In this regard, St Anne's owe a huge debt of gratitude to

Grange

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET



Don Ryan and his daughter Aine who have kept the minor panel going this season. Team captain Lizzy Fleming thanked Don and Jim Kenny for all their hard work with training over the years. Team: Denise Kealy, Maria Byrne, Hailey O'Shea, Denise Doran, Ashling Carroll, Emma Nolan, Lisa Kelly, Lizzy Fleming (capt, 1-0), Niamh Byrne (0-1), Emma Byrne (0-3), Shauna Daly (3-1), Meadh Donoghue, Mary Flood (1-2), Amy Murphy, Roisin Flynn. Subs: Grace Nolan for Emma Nolan, Michelle Kelly for Denise Kealy, Cliona Hickey for Amy Murphy, Caoimhe Redmond for Roisin Flynn, Becky Kenny, Ellen Kennedy, Orlagh Hickey, Louise Carroll, Chloe Kenny Ryan.

SERVICE OF LIGHT

A Service of Light ceremony for Confirmation pupils of Grange

school will be held in Grange church tonight (Tuesday) 10 May at 7.30pm.

SCHOOL ENROLMENT

Grange school is taking enrolments for the new school year 2011/12. Please phone the school on 059 9163881 for an application form.

DYSPRAXIA SUPPORT GROUP

Dyspraxia/dcd Carlow region support group will hold their first meeting in the Seven Oaks Hotel, Carlow on Wednesday 18 May from 7.30pm to 9.30pm. Admission is free and all are welcome. The Dyspraxia Association of Ireland is delighted to support the setting up of the Carlow group. Contact Karin on 087 3545083 or email: cwsupportgrp@eircom.net or Harry Conway on 01 8747085 or email: info@dyspraxia.ie.



The St Anne's ladies minor footballers who won the county championship – front (l-r): Orla Hickey, Grace Nolan, Shauna Finlan, Roisin Flynn, Niamh Byrne, Lizzy Fleming (captain), Emma Byrne, Ashling Carroll, Mary Flood, Maria Byrne, Shauna Daly. Back (l-r): Caoimhe Redmond, Meadh Donoghue, Louise Carroll, Lisa Kelly, Amy Murphy, Denise Doran, Denise Kealy, Cliona Hickey, Hayley O'Shea, Emma Nolan, Becky Kenny and Michelle Kelly

BALLON RATHOE EXTRA

SHEEP WORRYING

In recent weeks, there has been a number of incidents involving dogs attacking and worrying sheep in the Killane area. This is stressful to the sheep and some have had to be put down. Gardaí are appealing to dog owners, particularly in this area, to keep their animals under control at all times. Dogs should be on a leash outside of the family home and not allowed to run wild. The dog may be a family pet but can be a killer when in a pack with others. Please let the gardaí know if you have further information. The telephone number of the Ballon station is 059 9159122.

LOTTO

The numbers drawn in the Ballon GFC Lotto last week were 5, 6, 19 and 24 and there was no winner. Next week's jackpot will be €4,500. The numbers drawn in the Burren Celtic Lotto were 8, 16, 20 and 25. Next week's jackpot will be €2,800.

Glór Cheatharlach

Ceatharlach, óstbhaile Fhéile Pan Cheilteach 2012

IS iontach an rud é go bhfuil Ceatharlach roghnaithe mar ionad don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach do na blianta 2012 agus 2013. Is comhcheiliúradh ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na sé náisiúin ceilteach atá i gceist san fhéile áirithe seo. Trí mheán Pan Cheilteach, tarraingítear le chéile na tíortha sin- Éire, Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhainín, An Choirn agus An Bhriotáin. I measc príomhimeachtaí na féile gach bliain, bíonn comórtas d'amhrán nuachumtha, amhránaíocht traidisiúnta, rince idir-cheilteach, comórtas do chóir, agus comórtas éagsúla don chruit, fidil, píobáí agus drumáí. Bíonn imeachtaí spóirt idir-cheilteach ar chlár na féile freisin agus fo-chlár láidir d'imeachtaí imeallacha eile chomh maith. Tugann an fhéile deis d'ionadaithe ó na tíortha cheilteacha bailiú le chéile chun a spriocanna teangacha, chultúir, cheoil, amhránaíochta, spóirt agus gnó a chothú agus a neartú.

Bunaíodh an Fhéile Pan Cheilteach i gCill Airne sa bhliain 1971 agus bíonn sí ar siúl gach bliain an tseachtain tar éis na Cásca ar feadh sé lá. Is í aidhm na féile ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do theanga, cheol, amhráin, rince agus spóirt na gceilteach mar aon le forbairt a dhéanamh ar chaidreamh agus ar mhalartú eolais idir na tíortha. Déantar turasoireacht, trádáil agus tráchtáil



Ceoltóirí agus rinneoirí na Breataine Bige ag tabhairt taispeántais ar shráideanna an Daingean ag an bhFéile Pan Cheilteach

idir-Cheilteach a spreagadh chomh maith. Gné shainiúil na féile is ea na hoícheanta náisiúnta nuair a chuireann gach tír taispeántas dá gcultúr féin i láthair an phobail. Cuirtear taispeántais ceoil agus rince ar siúl i lár an bhaile i rith an lae chomh maith agus bíonn Ródaí Raidió na Gaeltachta i láthair ag craoladh beo ón ionad chun blas na féile a roinnt le héisteoirí ó cheann ceann na tíre.

Is sa Daingean i gCiarraí a reachtáiltear Pan Cheilteach na blianta seo agus is féile den scoth a bhí inti. Is mór an onóir gur roghnadh Ceatharlach mar óstbhaile don dá bhliain as a chéile ag tosú le Féile 2012 ó 10-15 Aibreán. Tá coiste áitiúil láidir, gníomhach ionadaíoch le bunú láitheach chun Pan Cheilteach 2012 a eagrú. Is deis iontach an fhéile chun cultúr, turasoireacht, gnó, spóirt agus siamsaíocht i gCo. Cheatharlach a chur chun cinn agus cabhróidh an infheistíocht go mór leis na hostáin, bialanna agus siopaí áitiúla. Cuirimis chuige! Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge chun a bheith ar an gcoiste eagrúcháin. Má tá suim ag daoine a bheith páirteach tá tuilleadh eolais ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie



Bratacha na dtíortha cheilteacha ar an stáitse don Fhéile Pan Cheilteach

Ger Wolfe ag teacht go Ceatharlach

TÁ an cumadóir Ger Wolfe ar an mbóthar arís an tEarrach seo leis an mbanna ceoil iontach darbh ainm "The Ger Wolfe Quartet" agus iad ag céiliúradh seoladh an dlúthdhiosca nua "Fréamh; Root". Is é seo an séú dlúthdhiosca atá eisithe ag an gCorcaíoch cumasach seo.



Ger Wolfe Quartet a bheidh ag seinm san amharclann GB Shaw

Ar an turas seo le Ger tá Edel Sullivan ar an bhfidil, Kevin Murphy ar an cello, an boscadóir Richard Lucey agus Paul Frost ar an dord mór. Beidh siad in Amharclann G.B. Shaw, Ceatharlach ar an Aoine, 20 Bealtaine áit a gcuirfidh siad ceolchoirm den scoth i láthair. Beidh idir amhráin as Gaeilge agus as Béarla chomh maith le togha ceoil uirlise ar chlár na hoíche.

Chum Ger an ceol go léir don dlúthdhiosca nua i rith togra speisialta darbh ainm "Ó Bhéal guth Béal" a bhí idir lámha aige thar na blianta 2009. Chaith sé tréimhse ama le seanóirí Ghaeltacht Mhúscraí, áit fhíor álainn i gContae Chorcaí. Bhí sé i láthair mar ealaíontóir cónaitheach ar feadh trí mhí leis na seanóirí, iad siúd a fhreastalaíonn ar na hionaid lae ach go háirithe. Bhí sé ag éisteacht lena gcuid cainte agus ag bailiú a gcuid scéalta. As an idir-mhalartú seo, bhí neart ábhar cumadóireachta aige chun crut nuálach a chur ar na scéalta seo i bhfoirm ceoil agus amhránaíocht comhaimseartha.

Is dlúthdhiosca den scoth é agus is léir gur chuir an t-amhránaí agus aoi speisialta Fiona Kelleher chomh maith leis na ceoltóirí sa ghrúpa a gcuid draíocht féin ar an gceol agus ar an amhránaíocht. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh idirlín www.gerwolfe.com www.gaeilge.ie agus ar www.musicnetwork.ie

Tá "Fréamh; Root" déanta le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge agus tá an turas timpeall na tíre, a mhaireann ar feadh míosa, á chur i láthair i gcomhar le Music Network. Is cinnte go mbeidh an-tóir ar na ticéid don cheolchoirm i gCeatharlach agus b'fhíú go mór iad a chur in áirithe gan mhoill. Ticéid @ €15/€12 ach glaoc ar 059 9172400 nó dul ar www.gbshawtheatre.ie. Thar aon ní eile ná caill an ceolchoirm seo.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach

Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!